# MediaWise
# Réamhrá



Sa lá atá inniu ann bíonn leanaí timpeallaithe ag teachtaireachtaí margaíochta i bhformhór na réimsí ina saol. Tá na teachtaireachtaí sin chomh forleathan agus chomh háititheach go bhfuil sé tábhachtach a chur ina luí ar leanaí na nithe atá á rá ag na teachtaireachtaí sin a thuiscint.

Is Acmhainn litearthachta SAOR IN AISCE é MediaWise a forbraíodh le húsáid sna ranganna Bunscoile go léir. An aidhm atá leis ná cuidiú le leanaí a bhfeasacht agus a dtuiscint ar na meáin, ar fhógraíocht agus ar mhargaíocht a fhorbairt. Cuideoidh sé seo le leanaí cinntí níos eolasaí a dhéanamh faoina riachtanais agus a mianta bunaithe ar na teachtaireachtaí margaíochta atá mórthimpeall orthu.


## Cuspóir foghlama


Is é cuspóir MediaWise na scileanna saoil a thabhairt do leanaí a mbeidh gá acu leo chun smacht iomlán a fháil ar na cineálacha éagsúla meáin a bhíonn ag síorathrú agus a bhíonn ar fáil dóibh. Bunaithe ar an gcreat inniúlachta don litearthacht sna meáin a chuir Údarás Craolacháin na hÉireann ar fáil, tá sé mar aidhm leis an acmhainn seo cuidiú le leanaí tuiscint a fháil ar ábhair agus seirbhísí agus meastóireacht chriticiúil a dhéanamh orthusan ionas gur féidir leo roghanna eolasacha a dhéanamh sna meáin chraolta, chlóite agus eile.

## Torthaí foghlama

**Ar chur i gcrích na hacmhainne seo beidh na leanaí in ann na nithe seo a dhéanamh:**

- Sainaithint – cineálacha éagsúla fógraíochta a shainaithint agus cur síos a dhéanamh orthu
- Anailísiú – cuspóir raon fógraí a thuiscint, chomh maith leis na teicnící a úsáidtear chun tionchar a imirt ar dhaoine
- Míniú – a mhíniú conas a mhúnlaíonn rialacha fógraíochta na fógraí a fheicimid
- Meastóireacht – cuidiú le leanaí smaointeoireacht chriticiúil a fhorbairt faoin saol tráchtála timpeall orthu agus cuidiú leo roghanna níos eolasaí a dhéanamh.






# Fócas Curaclaim

Cuideoidh naisc churaclaim leat a fheiceáil conas a nascann MediaWise le do chuid teagaisc chun cuidiú le forbairt na foghlama i do sheomra ranga. Cuimsíonn an acmhainn seo a lán réimsí, mar shampla Teanga, OSPS, OSIE, Drámaíocht, Tíreolaíocht, na hAmharcealaíona, Stair agus Matamaitic.

| Naisc Churaclaim do Ranganna 1 agus 2 | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| Teanga | OSPS | OSIE | Drámaíocht | Stair | Matamaitic |

# Ag úsáid MediaWise

Is acmhainn ar líne é MediaWise. Tá ocht gceacht ann le haghaidh gach gráid ranga, ag forbairt ar bhealach bíseach thar thréimhse forbartha an linbh. Is féidir leat úsáid a bhaint as MediaWise i gceachtanna le linn na seachtaine scoile, mar go mbaintear leas san acmhainn seo as modheolaíochtaí éagsúla teagaisc agus foghlama ar fud churaclam na bunscoile.

**Dearadh gach ceacht mar sheisiún 40 nóiméad. Cuimsítear i nótaí an mhúinteora imlíne de gach ceacht lena n-áirítear iad seo a leanas:**

- An cuspóir foghlama
- An toradh foghlama
- Na hacmhainní le húsáid
- An mhodheolaíocht.

**Treoir mhionsonrach don cheacht, lena n-áirítear:**

- Bileoga oibre na ndaltaí
- Gníomhaíochtaí
- Gníomhaíochtaí idirghníomhacha.

Is féidir leat iad seo a úsáid go solúbtha agus iad a chur in oiriúint don méid ama a bheidh ar fáil duit.

Áiríonn MediaWise roinnt fíorfhógraí freisin mar thagairt ar féidir úsáid a bhaint astu le linn na gceachtanna agus chun gníomhaíochtaí eile litearthachta sna meáin a spreagadh amach anseo.

# Buíochas

Is mian le ***safefood*** buíochas a ghabháil le gach duine a bhí páirteach sa tionscadal, go háirithe na múinteoirí scoile agus na leanaí a ghlac páirt sa chéim phíolótach agus a chuir a gcuid ama ar fáil go fial flaithiúil chun an acmhainn a fhorbairt ag an gcéim sin.

Ní fhéadfaí MediaWise a fhorbairt gan cion agus dianobair Sheena Horgan, Iriseoir, Údar agus Sainchomhairleoir sa Mhargaíocht Shóisialta, i bhforbairt struchtúr agus imlíne ábhair na hacmhainne agus comhairle agus ionchur Gearoid McCauley, Múinteoir i mBunscoil St. Senan's, Inis Córthaidh, mar chleachtóir lán taithí. Bhí páirt lárnach ag Corinna Hardgrave, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath atá ina Comhalta de chuid ***safefood***, i bhforbairt an tionscadail. Tá liosta iomlán na gcomhaltaí comhairleacha ag deireadh na hacmhainne seo.

## MediaWise
# Forléargas





## Topaicí agus Ceachtanna

| | | |
|---|---|---|
| **Topaic 1**<br>Cad iad na Meáin Chumarsáide? | **Ceacht 1**<br>Na meáin agus fógraíocht a thuiscint | **Ceacht 2**<br>An cuspóir atá le fógraíocht a mhíniú agus a thuiscint. |
| **Topaic 2**<br>An teachtaireacht agus na mothúcháin is bun leis na meáin chumarsáide | **Ceacht 3**<br>Raon mothúchán mar a chuirtear i láthair iad sna meáin a shainaithint agus tuiscint a fháil ar na mothúcháin a spreagann na fógraí sin ionainn. | **Ceacht 4**<br>Roinnt de na heilimintí éagsúla a úsáidtear sna meáin a shainaithint. |
| **Topaic 3**<br>Cé hiad an lucht éisteachta agus féachana? | **Ceacht 5**<br>Éist le tuairimí daoine eile – conas a thaitníonn na rudaí céanna le daoine eile is a thaitníonn linne, ach ar chúiseanna éagsúla. | **Ceacht 6**<br>An bhrí le 'bonn tuisceana' a thuiscint |
| **Topaic 4**<br>An tionchar a bhíonn ag na meáin chumarsáide orainn | **Ceacht 7**<br>Cur síos ar cad is brí le 'háitiú' agus conas a oibríonn sé sin | **Ceacht 8**<br>A aithint gur féidir leis na meáin a bheith ina bhfoinse eolais. |

**Ba cheart go gcuideodh MediaWise leis na leanaí i Rang 1 agus Rang 2 na nithe seo a leanas a dhéanamh:**

1. An difríocht idir cineálacha éagsúla meán a ainmniú agus na meáin éagsúla a fheiceann siad ar bhonn rialta a shainaithint.
2. Cur síos a dhéanamh ar cad is fógraíocht ann agus a aithint go mbíonn fógraíocht le feiceáil i ngach áit.
3. A thuiscint go ndéanann fógraíocht iarracht ceann de na ceithre sprioc seo a leanas a bhaint amach:
   - Rud éigin a insint dúinn is gá dúinn a bheith ar eolas againn
   - Áitiú orainn táirge nó branda a cheannach
   - Áitiú orainn ár n-iompar a athrú
   - Dearcadh a chur chun cinn.
4. Cur síos a dhéanamh ar mhothúcháin bhunúsacha (sonas, míshonas, fearg, leadrán, ionadh, eagla) agus cén 'chuma' a bheadh orthusan dá mbeifeá chun iad a chur i láthair sna meáin.
5. A thuiscint conas a thaitníonn na rudaí céanna le daoine eile is a thaitníonn linne, ach ar chúiseanna éagsúla.
6. A thuiscint cad is bonn tuisceana ann, na boinn tuisceana a úsáidtear i roinnt fógraí do bhréagáin a thuiscint agus roinnt bonn tuisceana eile a athint a úsáidtear sna meáin.
7. A thuiscint go gciallaíonn áitiú ar dhuine a chur ina luí ar dhuine rud éigin a dhéanamh nó a smaoineamh agus a thuiscint conas a oibríonn sé sin.
8. Cur síos a dhéanamh ar ghnáthshamplaí d'fhaisnéis sa chaoi a gcuirtear iad i láthair agus roinnt foinsí na faisnéise sin a lua.



# Naisc Churaclaim

## Teanga

### Teanga ó bhéal

**Rannpháirtíocht, éisteacht agus aird**

- Spéis agus comhaird a léiriú agus éisteacht ghníomhach a dhéanamh ar mhaithe le spraoi agus ar chúiseanna faoi leith.

**Gnásanna sóisialta agus feasacht ar dhaoine eile**

- Leas a bhaint as noirm shóisialta chuí chun comhráite ar thopaicí pearsanta agus ar thopaicí curaclaim a thosú, a bheith páirteach iontu agus iad a choimeád ar siúl agus tuin oiriúnach chainte agus scileanna cuí léirithe a úsáid a oirfidh don lucht éisteachta.
- Teanga a úsáid go muiníneach chun oibriú i bpáirt le daoine eile agus torthaí na hoibre a roinnt le lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad.

### Tuiscint

**Struchtúr abairte agus gramadach**

- Úsáid a bhaint as abairtí comhleanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte agus sainmhíniú cuí a thabhairt is an abairt ag éirí níos cuimsithí de réir a chéile, le tacaíocht de réir mar is gá.

**Stór focal a shealbhú agus a úsáid**

- Úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla ar nós gheáitsí an chainteora, tuin chainte, focail atá ar eolas cheana, pictiúir, struchtúr na habairte, sainmhíniú agus cur síos chun tuiscint ar fhocail nua a léiriú agus iad a úsáid.
- Úsáid a bhaint as foclóir agus frásaí ó bhéal a bhíonn ag éirí níos sofaisticiúla de réir a chéile, ina measc teanga a bhaineann le téacs** agus le topaic agus teanga a bhaineann go sonrach le hábhar ar leith, agus teanga gan chomhthéacs a chur in iúl. Réimse leathan beannachtaí, nathanna cainte agus frásaí coitianta a úsáid is tuin agus foghraíocht chuí a úsáid agus iad a úsáid sa chomhthéacs cuí.

**Tuiscint**

- Tuiscint a léiriú trí threoracha a thabhairt agus a leanúint agus insintí, míniúcháin agus cur síos a thuiscint, agus cás a dhéanamh go soiléir, lena n-áirítear tuairimíocht a dhéanamh, hipitéis a thabhairt, údar a thabhairt, idirbheartaíocht a dhéanamh, argóint a dhéanamh agus gearán a dhéanamh.

### Fiosrú agus Úsáid

**Iarratais agus Ceisteanna**

- Riachtanais agus roghanna pearsanta a chur in iúl agus iarratais a dhéanamh ar bhealach muiníneach.
- Ceisteanna a chur agus freagraí a thabhairt de réir mar is gá, chun cabhair a lorg, teacht ar eolas agus ar thuiscint agus chun smaointeoireacht a shoiléiriú agus a leathnú.

**Catagóiriú**

- Réimse daoine, rudaí, imeachtaí agus eispéireas a ainmniú, iad a chatagóiriú agus eolas níos doimhne ar an ábhar agus níos mó tuisceana ina leith a léiriú, le tacaíocht de réir mar is gá.

**Athinsint agus mionléiriú**

- Scéalta agus insintí pearsanta a bhíonn ag dul chun castachta a insint agus a athinsint san ord ceart do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad agus iad ag úsáid aimsirí agus stór focal ó bhéal cuí

**Teanga a úsáid go spraíúil agus go cruthaitheach**

- Éisteacht le gnéithe aeistéitiúla, samhlaíocha agus cruthaitheacha na teanga agus freagairt dóibh, agus teanga a úsáid ar bhealach spraíúil, cruthaitheach.

**Eolas, míniú agus údar a thabhairt**

- Pointí eolais a sholáthar agus a mhíniú, agus údar a thabhairt leo do lucht éisteachta a aithníonn siad agus nach n-aithníonn siad, ag úsáid teanga shainiúil an ábhair, le tacaíocht de réir mar is gá.

**Cur síos, tuar agus machnamh**

- Cur síos a dhéanamh ar ghníomhartha, ar imeachtaí agus ar phróisis a bhaineann le fíor-chomhthéacsanna agus le comhthéacsanna samhlaíocha, iad a thuar agus machnamh a dhéanamh orthu.

### Léitheoireacht

**Cumarsáid**

Rannpháirtíocht

- Páirt a ghlacadh i léitheoireacht agus sult a bhaint as bheith ag éisteacht léi, agus labhairt faoi bhrí agus faoi léirmhíniú focal scríofa agus léaráidí le daoine eile.

Inspreagadh agus Rogha

- Téacs** i réimse seánra í a roghnú, a léamh agus cumarsáid a dhéanamh ina thaobh, ar mhaithe le pléisiúr agus le spéis.

**Tuiscint**

Gnásanna cló

- Gnásanna bunúsacha an chló a aithint agus a úsáid

Fónaic agus aithint focal

- Feasacht fóineolaíochta agus réimse de straitéisí aitheanta focal a úsáid go saoráideach agus go muiníneach agus iad ag léamh téacsanna teagaisc agus ag leibhéal neamhspleách

Foclóir léitheoireachta

- Labhairt faoi stór focal nua léitheoireachta agus é a úsáid de réir mar a thagann sé aníos trí tharraingt ar chomhthéacs, focail le brí ionannach agus focail leis an bhfuaim chéanna ach le brí dhifriúil chun cabhrú leis an tuiscint.

**Fiosrú agus Úsáid**

Cuspóir, seánra agus guth


- Taithí a fháil ar ghnéithe aeistéitiúla, cruthaitheacha agus samhlaíocha téacs**agus freagairt dóibh, agus ar réimse seánra í, agus tosaíochtaí agus tuairimí a chur in iúl.

Tuiscint

- Sonraí tábhachtacha i dtéacs** a thabhairt chun cuimhne, iad a phlé agus a athinsint san ord ceart agus na príomhphointí eolais i dtéacs** a aithint.
- Dul i ngleic le téacs** trí úsáid a bhaint ar bhealach solúbtha as raon inmhalartaithe de straitéisí tuisceana .

Líofacht agus féincheartú

- Téacsanna**teagaisc agus téacsanna** ag leibhéal neamhspleách a léamh i réimse seánra í le líofacht agus le tuiscint, agus féincheartú neamhspleách a dhéanamh




# **Naisc churaclaim** ar lean

## **Teanga** ar lean

**Scríbhneoireacht**

**Cumarsáid**

Rannpháirtíocht

- Páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht, agus taitneamh a bhaint aisti, chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile.

Inspreagadh agus rogha

- Uirlisí cuí, topaic agus ábhar a roghnú don scríbhneoireacht pháirteach nó neamhspleách agus téacsanna** a roghnú chun roinnt le daoine eile.

**Tuiscint**

Gnásanna cló agus struchtúr abairte

- Gnásanna bunúsacha an chló chomh maith le struchtúr abairte a úsáid agus iad ag cumadh téacsanna** i bpáirt nó go neamhspleách.

Litriú

- Réimse focal ardmhinicíochta a litriú go cruinn agus straitéisí litrithe a úsáid chun focail neamhaitheanta a litriú.

Foclóir

- Úsáid a bhaint as stór focal níos leithne óna dtaithí phearsanta agus óna dtaithí ar bheith ag plé le téacs**, agus teanga a úsáid ar bhealach spraíúil agus cruthaitheach, le tacaíocht de réir mar is gá.

**Fiosrú agus úsáid**

Cuspóir, seánra augs guth

- Pictiúir agus scríbhneoireacht a dhéanamh agus tuiscint acu ar an gcuspóir agus ar an lucht éisteachta araon, le linn dóibh téacsanna** a chruthú i réimse seánra í d'fhonn guth ar leith a fhorbairt ina gcuid scríbhneoireachta chun a gcuid tuairimí, eolais agus taithí a chomhroinnt.

An próiseas scríbhneoireachta

- An próiseas scríbhneoireachta a úsáid chun téacs** a scríobh i gcomhpháirt le daoine eile agus / nó go neamhspleách

Freagairt agus intinn an údair

- Cur le míniú a scríbhneoireachta féin ó bhéal agus téacsanna** daoine eile a phlé agus iad ag léiriú go bhfuil fás ag teacht ar a dtuiscint ar intinn an údair

Peannaireacht

- Scríobh a dhéanamh ag baint úsáid as scríbhneoireacht reatha.

** áitítear i dtéacs gach táirge teanga: ó bhéal, scríofa, braille, físeach, braite, leictreonach agus digiteach

## Matamaitic

**Sonraí**

**Tuiscint**

Sonraí a aithint agus a léirmhíniú

- Tacair a shórtáil agus a rangú de réir dhá chritéar nó trí chritéar.
- Sonraí a léiriú agus a léirmhíniú in dhá shraith, trí shraith nó ceithre shraith agus réada, samhla agus pictiúir in úsáid.

## Stair

**Scéalaíocht**

**Scéalta**

- Scéalta a léiriú nó a thaifeadadh trí obair ealaíne, dhrámaíocht, cheol, mhím nó ghluaiseacht agus leas a bhaint as teicneolaíocht an eolais agus na cumarsáide
- Éisteacht le roinnt scéalta as saol daoine a chuir leis an saol áitiúil nó leis an saol náisiúnta agus le saol daoine i dtíortha eile ar bhealaí éagsúla agus na scéalta sin a phlé agus a athinsint agus clárú a dhéanamh orthu agus úsáid á baint as pictiúir agus gníomhaíochtaí simplí scríbhneoireachta eile

## OSPS

**Mise agus an domhan mór**

**Oideachas na meán cumarsáide**

- Tús eolais a fháil ar na bealaí éagsúla inar féidir faisnéis a chur in iúl.
- Tosú ar idirdhealú a dhéanamh idir fíricí agus ficsean i scéalta nó i suíomhanna i gcineálacha éagsúla meáin.
- Fógraíocht a phlé agus a iniúchadh, ar fógraíocht í atá dírithe go sonrach ar leanaí.

## Drámaíocht

**Drámaíocht chun mothúcháin, eolas agus idéanna a iniúchadh d'fhonn tuiscint a chothú**

**Iniúchadh agus déanamh drámaíochta**

- Úsáid a bhaint as an gcumas cur i gcéill chun páirt iomlán a ghlacadh sa drámaíocht.
- Leas a bhaint as an bhfeasacht ar na difríochtaí idir daoine chun tuiscint a fháil ar an ngaol idir ról agus carachtar.
- Taithí a fháil ar an gcaoi a gcruthaítear comhthéacs agus drámaíocht trí úsáid a bhaint as spás agus as réada.